AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2012
COM(2012) 724 final

2012/0343 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe i réimse staidrimh talmhaíochta agus iascaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

GA

GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Déantar idirdhealú sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) idir (a) na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú mar atá leagtha síos in Airteagal 290(1) den CFAE (gníomhartha tarmligthe), agus (b) na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún coinníollacha comhionanna a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ina gceangal dlí a chur chun feidhme mar atá leagtha síos in Airteagal 291(2) den CFAE (gníomhartha cur chun feidhme).

Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún[1], maidir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[2],athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha reachtacha a bhfuil tagairtí iontu faoi láthair don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú i gcomhthéacs na gcritéar atá leagtha síos sa Chonradh.

Is é an cuspóir foriomlán gach foráil a thagraíonn don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a bhaint as gach ionstraim reachtach faoi dheireadh sheachtú téarma na Parlaiminte (Meitheamh 2014).

Is í aidhm an togra seo naoi ngníomh reachtacha i réimse staidrimh talmhaíochta agus iascaigh a leasú chun iad a ailíniú leis an gcomhthéacs nua institiúideach.

Ar mhaithe le bheith críochnúil, is é seo a leanas liosta na n-ionstraimí atá le hailíniú:

(1) Treoir 96/16/CE ón gComhairle an 19 Márta 1996 maidir le suirbhéanna staidrimh ar bhainne agus táirgí bainne[3];

(2) Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir leis na cuntais eacnamaíochta talmhaíochta sa Chomhphobal[4];

(3) Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a chuirtear i dtír i mBallstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1382/91 ón gComhairle[5];

(4) Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 788/96 ón gComhairle[6];

---

1 IO L 55, 28.2.2011, lch. 19.
2 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.
3 IO L 78, 28.3.1996, lch. 27.
4 IO L 33, 5.2.2004, lch. 1.
5 IO L 403, 30.12.2006, lch. 1.
6 IO L 218, 13.8.2008, lch. 1.

(5) Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le staidreamh beostoic agus feola agus lena n-aisghairtear Treoir 93/23/CEE, Treoir 93/24/CEE agus Treoir 93/25/CEE ón gComhairle[7];

(6) Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú)[8];

(7) Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (athmhúnlú)[9];

(8) Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú)[10];

(9) Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le staidreamh i ndáil le barra agus lena n-aisghairtear Rialacháin Uimh. 837/90 (CEE) agus Uimh. 959/93 (CEE) ón gComhairle[11].

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní raibh gá le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ná le measúnú tionchair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Is é cuspóir an togra seo naoi ngníomh reachtacha i réimse staidrimh talmhaíochta agus iascaigh a leasú chun go mbeidh siad ag teacht leis an gcomhthéacs nua institiúideach.

Is í an aidhm atá ann go háirithe na cumhachtaí atá ag an gCoimisiún a aithint agus an nós imeachta cuí a bhunú chun bearta a ghlacadh ar bhonn na gcumhachtaí sin.

- **Cuíchóiriú an Chórais Staidrimh Eorpach**

Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach[12] sainmhíníodh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) mar chomhpháirtíocht idir an t-údarás staidrimh Eorpach, arb é an Coimisiún (Eurostat) é, agus na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh (INSanna) agus údaráis náisiúnta eile a bhfuil freagracht orthu i ngach Ballstát as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

---

[7] IO L 321, 1.12.2008, lch. 1.
[8] IO L 87, 31.3.2009, lch. 1.
[9] IO L 87, 31.3.2009, lch. 42.
[10] IO L 87, 31.3.2009, lch. 70.
[11] IO L 167, 29.6.2009, lch. 1.
[12] IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.

Féachtar ar an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (CCSE), arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, mar bhratchoiste laistigh den CSE. Cuidíonn sé leis an gCoimisiún a chumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú i réimsí staidrimh áirithe. Ní áirítear staidrimh talmhaíochta ná iascaigh leo sin ar réimsí iad ina dtugann an Buanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta (BST) cúnamh don Choimisiún[13].

Tá an Coimisiún ag beartú struchtúr nua a thabhairt don CSE a mbeidh sé mar aidhm aige comhordú agus comhpháirtíocht a fheabhsú i struchtúr pirimide soiléir laistigh den CSE, leis an CCSE mar an comhlacht straitéiseach is airde. Gné amháin den chuíchóiriú sin is ea cumhachtaí coisteolaíochta a chomhchruinniú sa CCSE. Thug an CCSE tacaíocht don chur chuige nua sin i mí Feabhra 2012[14].

Is éard atá molta mar sin na naoi ngníomh reachtacha a leasú chun tagairtí don CCSE a chur in ionad tagairtí don BST.

- **Bunús Dlí**

Airteagal 338(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Rogha ionstraime**

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 4. IMPLEACHT BUISÉADACH

Níl aon impleacht ag an togra do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Ní ann dóibh.

13 IO L 179, 7.8.1972, lch. 1 (Cinneadh 72/279/CEE ón gComhairle an 31 Iúil 1972 lena mbunaítear Buanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta).

14 12ú cruinniú den CCSE, 12 Feabhra 2012.

2012/0343 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe i réimse staidrimh talmhaíochta agus iascaigh

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), caithfear na cumhachtaí atá tugtha don Choimisiún a ailíniú le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den CFAE.

(2) Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún[15], maidir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[16], athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha reachtacha a bhfuil tagairtí iontu faoi láthair don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú i bhfianaise na gcritéar atá leagtha síos sa Chonradh.

(3) Ba cheart é a bheith de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 290 den CFAE chun gnéithe áirithe neamhriachtanacha de na gníomhartha reachtacha a fhorlíonadh nó a leasú, go háirithe chun forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus teicniúla a chur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe sin ualach suntasach riaracháin breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.

---

15 IO L 55, 28.2.2011, lch. 19.
16 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(4) Tá tagairtí sna gníomhartha reachtacha i réimse staidrimh talmhaíochta agus iascaigh, dá dtagraítear in aithrisí 5-13, don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu dá bhrí sin i gcomhthéacs na gcritéar atá leagtha síos sa Chonradh.

(5) I ndáil le Treoir 96/16/CE ón gComhairle an 19 Márta 1996 maidir le suirbhéanna staidrimh ar bhainne agus ar tháirgí bainne[17], chun taithí a fuarthas agus éabhlóid eacnamaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an sainmhíniú ar ghabháltais talmhaíochta, an liosta de tháirgí bainne a chumdaítear leis na suirbhéanna agus na sainmhínithe caighdeánacha atá le húsáid nuair atá na torthaí do na táirgí éagsúla á gcur in iúl.

(6) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir leis na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta sa Chomhphobal[18], chun taithí a fuarthas agus éabhlóid eacnamaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le hIarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a thabhairt cothrom le dáta.

(7) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a chuirtear i dtír i mBallstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1382/91 ón gComhairle[19], chun forbairtí teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le hoiriúnú teicniúil na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin.

(8) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh maidir le dobharshaothrú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 788/96 ón gComhairle[20], chun forbairtí teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le hathruithe teicniúla do na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin.

(9) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le staidreamh beostoic agus feola agus lena n-aisghairtear Treoracha 93/23/CEE, 93/24/CEE agus 93/25/CEE ón gComhairle[21], chun forbairtí teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinní I, II, IV agus V a ghabhann leis an Rialachán sin.

---

17 IO L 78, 28.3.1996, lch.27.
18 IO L 33, 5.2.2004, lch. 1.
19 IO L 403, 30.12.2006, lch. 1.
20 IO L 218, 13.8.2008, lch. 1.
21 IO L 321, 1.12.2008, lch. 1.

(10) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil[22], chun ascnamh teicniúil agus riachtanais idirnáisiúnta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn I, II, III agus IV.

(11) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht[23], chun forbairtí teicniúla agus riachtanais idirnáisiúnta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le leasuithe ar na liostaí de speicis agus na réigiún iascaireachta staidrimh agus na tuairiscí ar na réigiún sin, chomh maith leis na tomhais, cóid agus sainmhínithe atá curtha i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht iascaireachta, trealamh iascaireachta, méideanna soithí agus modhanna iascaireachta.

(12) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil[24], chun ascnamh teicniúil agus riachtanais idirnáisiúnta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le leasuithe ar na liostaí de na speicis agus na réigiún iascaireachta staidrimh, na tuairiscí ar na réigiúin iascaireachta sin agus ar a mhéid atá sé ceadaithe comhiomlánú a dhéanamh ar shonraí.

(13) I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le staidreamh i ndáil le barra agus lena n-aisghairtear Rialacháin Uimh. 837/90 (CEE) agus Rialachán Uimh. 959/93 (CEE) ón gComhairle[25], chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le hoiriúnú táblaí tarchuir mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

(14) Tá sé ríthábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí i rith a obair ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Agus é ag ullmhú agus ag tarraingt suas gníomhartha tarmligthe, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtarchuirfear doiciméid ábhartha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach, go tráthúil agus go cuí.

(15) Cuireann an Buanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta (BST) arna bhunú le Cinneadh 72/279/CEE ón gComhairle an 31 Iúil 1972[26] comhairle ar fáil agus tugann sé cúnamh

[22] IO L 87, 31.3.2009, lch. 1.
[23] IO L 87, 31.3.2009, lch.42.
[24] IO L 87, 31.3.2009, lch.70.
[25] IO L 167, 29.6.2009, lch.1.
[26] IO L 179, 7.8.1972, lch.1.

don Choimisiún a chumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú faoi na gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in aithrisí 5-13.

(16) De réir na straitéise maidir le struchtúr nua don Chóras Staidrimh Eorpach (CSE), a bhfuil sé mar aidhm aige comhordú agus comhpháirtíocht a fheabhsú i struchtúr pirimide soiléir laistigh den CSE, ba cheart ról comhairleach a bheith ag an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (CCSE)[27], ar coiste é a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach, agus ba cheart dó cúnamh a thabhairt don Choimisiún a chumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú.

(17) Chuige sin, ba cheart na gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in aithrisí 5-13 a mhodhnú, agus tagairt don CCSE a chur in ionad na tagartha don BST.

(18) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, tá sé riachtanach agus cuí chun an bunchuspóir a bhaint amach, mar atá ailíniú na gcumhachtaí atá tugtha don Choimisiún le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den CFAE, rialacha a leagan síos maidir lena leithéid d'ailíniú i réimse staidrimh talmhaíochta agus iascaigh. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(19) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá nach ndéanfaidh an Rialachán seo difear do na nósanna imeachta chun bearta atá arna dtionscnamh ach nach bhfuil críochnaithe roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a ghlacadh.

(20) Ós rud é nach mbaineann na leasuithe a rinneadh ar Threoir 96/16/CE ón gComhairle ach le nós imeachta coiste, ní gá do na Ballstáit an Treoir sin a thrasuí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear na gníomhartha reachtacha atá liostaithe san Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn chéanna.

*Airteagal 2*

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na nósanna imeachta chun bearta a ghlacadh dá bhforáiltear sna gníomhartha reachtacha san Iarscríbhinn atá arna dtionscnamh ach nach bhfuil críochnaithe roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[27] JO L 87, 31.3.2009, lch.164.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN

1. **Treoir 96/16/CE ón gComhairle an 19 Márta 1996 maidir le suirbhéanna staidrimh ar bhainne agus táirgí bainne[28].**

Leasaítear Treoir 96/16/CE mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. suirbhéanna bliantúla ar tháirgeadh bainne agus ar a úsáid i measc gabháltas talmhaíochta. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a i ndáil le sainmhíniú gnóthas talmhaíochta.’

(2) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

'2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarlmigthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a i ndáil leis an liosta de tháirgí bainne a chumdaítear leis na suirbhéanna agus chun sainmhínithe caighdeánacha a tharraingt suas atá le húsáid agus na torthaí do na táirgí éagsúla á gcur in iúl.’

(3) Cuirtear Airteagal 6a isteach mar seo a leanas:

*'Airteagal 6a*

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus na cumhachtaí atá tarmligthe in Airteagal 1(2) agus Airteagal 3(2) á bhfeidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

3. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus in Airteagal 3(2) a ghlacadh ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus in Airteagal 3(2) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 1(2) nó Airteagal 3(2) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a

[28] IO L 78, 28.3.1996, lch. 27.

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

*'Airteagal 7*

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach, cúnamh don Choimisiún(*). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún(**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.

IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

**2. Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta talmhaíochta sa Chomhphobal [29].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus modheolaíocht an CET á dtabhairt cothrom le dáta aige.'

(2) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus an liosta d'athróg agus na teorainneacha ama do sholáthar sonraí atá leagtha amach in Iarscríbhinn II á dtabhairt cothrom le dáta aige.'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*
**Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

---

[29] IO L 33, 5.2.2004, lch. 1.

2. Agus na cumhachtaí atá tarmligthe in Airteagal 2(2) agus Airteagal 3(3) á bhfeidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.

3. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus Airteagal 3(3) a ghlacadh don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 2(2) nó Airteagal 3(3) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

3. **Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a chuirtear i dtír i mBallstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1382/91 ón gComhairle[30];**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar na tuarascálacha agus cuirfidh sé a chonclúidí faoi bhráid na mBallstát.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*'Airteagal 9*

**Na hIarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a i ndáil le hoiriúnú teicniúil na nIarscríbhinní.’

---

30 IO L 403, 30.12.2006, lch. 1.

(3) Cuirtear Airteagal 10a isteach mar seo a leanas:

*'Airteagal 10a*

**Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 9 á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

3. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9 don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*'Airteagal 11*

**Coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún(*).

2. I gcás go ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.'

4. **Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 788/96 ón gComhairle[31].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar na tuarascálacha agus cuirfidh sé a chonclúidí faoi bhráid na mBallstát.'

(2) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann le hathruithe teicniúla do na hIarscríbhinní.'

(3) Cuirtear Airteagal 9a isteach mar seo a leanas:

*'Airteagal 9a*
**Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 9(1) á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

3. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina

[31] IO L 218, 13.8.2008, lch. 1.

choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*'Airteagal 10*

**Coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún(*).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

______________

IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.'

**5. Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le staidreamh beostoic agus feola agus lena n-aisghairtear Treoir 93/23/CEE, Treoir 93/24/CEE agus Treoir 93/25/CEE ón gComhairle[32].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'Airteagal 18

**Na hIarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de réir Airteagal 19 maidir le leasuithe a dhéanamh ar Iarscríbhinní I, II, IV agus V.’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

*'Airteagal 19*

**Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 18 á feidhmiú aige, cinnteoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait agus ar na freagróirí.

[32] IO L 321, 1.12.2008, lch. 1.

3. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18 a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 18 i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

6. **Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil[33].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 agus na liostaí de limistéir staidrimh iascaireachta, nó forannáin díobh sin, agus speiceas á leasú aige.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 2(5) á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

[33] IO L 87, 31.3.2009, lch. 1.

3. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 2(5) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*

1. Faoin 14 Samhain 1996 cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh tuairisc ar conas a dhíorthaítear na sonraí ar ghabhálacha agus ina sonrófar cé chomh hionadaíoch agus chomh hiontaofa is atá na sonraí sin. Tarraingeoidh an Coimisiún suas achoimre ar na tuarascálacha sin lena plé leis na Ballstáit.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon mhodhnuithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear faoi mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí ón tráth a dtabharfar isteach na modhnuithe sin.

3. Déanfar tuarascálacha ar mhodheolaíochtaí, ar infhaighteacht sonraí agus ar iontaofacht sonraí agus saincheisteanna ábhartha eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a scrúdú uair sa bhliain leis na Ballstáit.'

7. **Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht[34].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 agus liostaí na speiceas agus na réigiún iascaireachta staidrimh, agus tuairiscí na réigiún sin, á leasú aige, chomh maith leis na tomhais, cóid agus sainmhínithe atá curtha i

[34] IO L 87, 31.3.2009, lch. 42.

bhfeidhm maidir le gníomhaíocht iascaireachta, trealamh iascaireachta, méideanna soithí agus modhanna iascaireachta.’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 2(4) á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

3. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 2(4) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

(3) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfar tuarascálacha ar mhodheolaíochtaí, ar infhaighteacht sonraí agus ar iontaofacht sonraí agus saincheisteanna ábhartha eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a scrúdú uair sa bhliain leis na Ballstáit.'

**8. Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil[35].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 agus leasuithe á ndéanamh aige ar liostaí na speiceas agus na réigiún iascaireachta staidrimh, na tuairiscí ar na réigiúin iascaireachta sin agus ar a mhéid atá sé ceadaithe comhiomlánú a dhéanamh ar shonraí.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 2(3) á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

3. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 2(3) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

---

[35] IO L 87, 31.3.2009, lch. 70.

(3) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

'3. Déanfar tuarascálacha ar mhodheolaíochtaí, ar infhaighteacht sonraí agus ar iontaofacht sonraí agus saincheisteanna ábhartha eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a scrúdú uair sa bhliain leis na Ballstáit.'

**9. Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le staidreamh i ndáil le barra agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 837/90 (CEE) agus Rialachán Uimh. 959/93 (CEE) ón gComhairle[36].**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a agus táblaí tarchuir a oiriúnú aige mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn.'

(2) Cuirtear Airteagal 8a isteach mar seo a leanas:

*'Airteagal 8a*
**Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Agus an chumhacht atá tarmligthe in Airteagal 6(2) á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach riaracháin breise ar Bhallstait ná ar na freagróirí.

3. Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh).

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a chúlghairm tráth ar bith.

Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 6(2) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina

[36] IO L 167, 29.6.2009, lch. 1.

choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*'Airteagal 9*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach, cúnamh don Choimisiún(*). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún(**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.

IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.'